BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Rialú teorann, tearmainn agus inimirce – Treoir 2008/115/CE – Airteagal 15(2)(b) – Náisiúnach tríú tír a choinneáil chun críche aistrithe – Treoir 2013/33/AE – Airteagal 9 – Iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a chur faoi choinneáil – Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 – Airteagal 28(2) – Coinneáil chun críoch aistrithe – Coinneáil neamhdhleathach – Airteagail 6 agus 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh)

I gCás C-387/24 PPU [Bouskoura] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Rechtbank Den Haag, zittingsplaats Roermond (Cúirt Dúiche na Háige, an Háig, ina suí di in Roermond, an Ísiltír), trí bhreith an 4 Meitheamh 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 4 Meitheamh 2024, sna himeachtaí

C

v

Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Arabadjiev (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz, P. G. Xuereb, A. Kumin agus I. Ziemele, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: A. Lamote, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 15 Iúil 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– C, ag P. H. Hillen agus R. M. Seth Paul, advocaten,

– Rialtas na hÍsiltíre, ag M. K. Bulterman agus A. Hanje, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ollainnis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon cheann de na páirtithe sna himeachtaí.

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Baeckelmans, A. Katsimerou agus F. van Schaik, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 5 Meán Fómhair 2024

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar phointe (b) den tríú fomhír d'Airteagal 15(2) de Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO 2008 L 348, lch. 98), ar an dara fomhír d'Airteagal 9(3) de Threoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (IO 2013 L 180, lch. 96), agus ar Airteagal 28(4) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO 2013 L 180, lch. 31, 'Rialachán Bhaile Átha Cliath III'), arna léamh i gcomhar le hAirteagail 6 agus 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir C, náisiúnach tríú tír atá faoi réir nósanna imeachta um fhilleadh, agus an Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (an Státrúnaí Dlí agus Cirt agus Slándála, an Ísiltír) ('an Státrúnaí') maidir le dlíthiúlacht dhá bheart coinneála as a chéile arna bhforchur ag an údarás sin.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2008/115

3 Luaitear in aithris 9 de Threoir 2008/115:

'I gcomhréir le Treoir 2005/85/CE ón gComhairle an 1 Nollaig 2005 maidir le caighdeáin íosta i ndáil le nósanna imeachta i mBallstáit chun stádas dídeanaí a dheonú nó a aistarraingt [(IO 2005 L 326, lch. 13)], níor cheart breathnú ar náisiúnach tríú tír a rinne iarratas ar thearmann i mBallstát mar dhuine atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch an Bhallstáit sin go dtí go mbeidh cinneadh diúltach déanta ar an iarratas, nó go dtí go mbeidh cinneadh lena gcuirtear deireadh le ceart fanachta an duine sin mar iarrthóir tearmainn tagtha i bhfeidhm.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 2(1) den Treoir sin:

'Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch Ballstáit.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 15 den Treoir sin:

‘1. Mura féidir bearta leordhóthanacha eile nach bhfuil chomh comhéigneach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach i gcás sonrach, féadfaidh na Ballstáit náisiúnach tríú tír atá faoi réir imeachtaí um fhilleadh a choinneáil chun an filleadh a ullmhú agus/nó an próiseas aistrithe a chur i gcrích, agus chuige sin amháin, go háirithe más rud é:

(a) go bhfuil riosca éalaithe ann, nó

(b) go seachnaíonn an náisiúnach tríú tír lena mbaineann an t-ullmhúchán maidir le filleadh nó an próiseas aistrithe nó go gcuireann sé bac leo.

Beidh aon tréimhse choinneála chomh gearr agus is féidir agus ní mhairfidh sí ach fad atá socruithe um aistriú idir lámha agus á gcur i ngníomh le dícheall cuí.

2. Déanfaidh údaráis riaracháin nó údaráis bhreithiúnacha coinneáil a ordú.

Déanfar coinneáil a ordú i scríbhinn ina dtabharfar cúiseanna i dtaca le fíoras agus dlí.

Nuair atá an choinneáil ordaithe ag údaráis riaracháin, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh siad foráil maidir le hathbhreithniú breithiúnach brostaithe ar dhlíthiúlacht na coinneála ar a ndéanfar cinneadh chomh tapa agus is féidir ó thús thréimhse na coinneála;

(b) nó deonóidh siad ceart don náisiúnach tríú tír lena mbaineann imeachtaí a thionscnamh trína mbeidh dlíthiúlacht na coinneála faoi réir athbhreithniú breithiúnach brostaithe ar a ndéanfar cinneadh chomh tapa agus is féidir tar éis sheoladh na n-imeachtaí ábhartha. I gcás den sórt sin, cuirfidh na Ballstáit in iúl láithreach don náisiúnach tríú tír lena mbaineann go bhféadfaí imeachtaí den sórt sin a thionscnamh.

Scaoilfear saor an náisiúnach tríú tír lena mbaineann láithreach mura bhfuil an choinneáil dleathach.

3. I ngach cás, déanfar athbhreithniú ar choinneáil ag eatraimh réasúnta, ar iarratas a fháil ón náisiúnach tríú tír lena mbaineann nó ar bhonn *ex officio*. I gcás tréimhsí fadaithe coinneála, beidh athbhreithnithe faoi réir maoirseacht údaráis bhreithiúnaigh.

4. Nuair a dhealraíonn sé nach bhfuil ionchas réasúnta aistrithe ann a thuilleadh ar chúiseanna dlíthiúla nó ar chúiseanna eile, nó nach gcomhlíontar a thuilleadh na coinníollacha a leagtar síos i mír 1, níl údar leis an gcoinneáil a thuilleadh agus scaoilfear saor an duine lena mbaineann láithreach.

5. Mairfidh tréimhse na coinneála fad atá na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh agus fad atá gá léi chun aistriú rathúil a chinntiú. Leagfaidh gach Ballstát síos tréimhse theoranta choinneála, nach faide ná sé mhí.

6. Ní fhéadfaidh na Ballstáit an tréimhse dá dtagraítear i mír 5 a shíneadh ach amháin go ceann tréimhse theoranta nach faide ná dhá mhí dhéag bhreise i gcomhréir leis an dlí náisiúnta i gcásanna inar dócha, d'ainneoin a gcuid iarrachtaí réasúnta uile, go mairfidh an oibríocht aistrithe tréimhse níos faide de bharr an méid seo a leanas:

(a) easpa comhair ón náisiúnach tríú tír lena mbaineann, nó

(b) moilleanna maidir leis an doiciméadacht is gá a fháil ó thríú tíortha.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2013/33

6 In Airteagal 2(h) de Threoir 2013/33 déantar sainmhíniú ar choinneáil mar '[ghaibhniú] iarratasóra ag Ballstát laistigh d'áit ar leith ina bhfuil a shaoirse gluaiseachta nó a saoirse gluaiseachta bainte den iarratasóir'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 8(1) go (3) den Treoir sin:

'(1) Ní chuirfidh na Ballstáit duine faoi choinneáil ar an gcúis amháin gur iarratasóir é i gcomhréir le Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar [(IO 2013 L 180, lch. 60)].

(2) I gcás inar gá déanamh amhlaidh, agus é sin bunaithe ar mheasúnú aonair ar gach cás, féadfaidh na Ballstáit iarratasóir a choimeád faoi choinneáil, mura féidir bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigeantach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

(3) Ní fhéadfar iarratasóir a chuir faoi choinneáil ach amháin:

(a) chun céannacht nó náisiúntacht an iarratasóra a chinneadh nó a fhíorú;

(b) chun na heilimintí ar a bhfuil an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta bunaithe a chinneadh, ar eilimintí iad nach bhféadfaí a fháil gan an t-iarratasóir a choinneáil, go háirithe i gcás ina bhfuil baol ann go n-éalóidh an t-iarratasóir;

(c) chun cinneadh a dhéanamh, i gcomhthéacs nós imeachta, maidir le ceart an iarratasóra dul isteach sa chríoch;

(d) i gcás ina gcoinnítear an t-iarratasóir faoi réir nós imeachta um fhilleadh faoi Threoir [2008/115] chun ullmhú don fhilleadh, agus/nó chun an próiseas um aistriú a dhéanamh, agus inar féidir leis an mBallstát lena mbaineann bunús a thabhairt ar bhonn critéir oibiachtúla, lena n-áirítear go raibh an deis ag an iarratasóir cheana rochtain a fháil ar an nós imeachta tearmainn, go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint nach bhfuil an t-iarratasóir ag déanamh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ach chun moill a chur ar fhorfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh nó chun forfheidhmiú an chinnidh sin a chur ó rath;

(e) i gcás inar gá sin mar gheall ar chosaint na slándála náisiúnta nó an bheartais phoiblí;

(f) Mar a cheanglaítear faoi Airteagal 28 de Rialachán [Bhaile Átha Cliath III].

Leagfar síos sa dlí náisiúnta na forais atá le coinneáil.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 9(3) de Threoir 2013/33:

'I gcás ina n-ordaíonn údaráis riaracháin an choinneáil, déanfaidh na Ballstáit foráil d'athbhreithniú breithiúnach mear ar dhlíthiúlacht na coinneála atá le déanamh ar bhonn *ex officio* agus/nó arna iarraidh sin don iarratasóir. I gcás ina ndéantar athbhreithniú den sórt sin ar bhonn *ex officio*, cinnfear an t-athbhreithniú chomh tapa agus is féidir ó chuirtear tús leis an gcoinneáil. Nuair a dhéanfar é arna iarraidh sin ag an iarratasóir, déanfar cinneadh faoin athbhreithniú sin chomh tapa agus is féidir tar éis sheoladh na n-imeachtaí ábhartha. Chuige sin, saineoidh na Ballstáit sa dlí náisiúnta an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar an t-athbhreithniú breithiúnach *ex officio* agus/nó an t-athbhreithniú breithiúnach arna iarraidh sin ag an iarratasóir.

I gcás ina ndearbhaítear, mar thoradh ar an athbhreithniú breithiúnach, go bhfuil an choinneáil neamhdhleathach, scaoilfear saor an t-iarratasóir lena mbaineann láithreach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil

Rialachán Bhaile Átha Cliath III

9 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 28(2) go (4) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III:

'(2) Nuair atá baol suntasach ann go n-éalóidh duine, féadfaidh Ballstáit an duine lena mbaineann chun nósanna imeachta aistrithe a chinntiú i gcomhréir leis an Rialachán seo, ar bhonn measúnú aonair ar gach cás agus sa mhéid go mbeidh an coinneáil comhréireach, agus sa mhéid sin amháin, agus nach féidir bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigeantach a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

(3) Beidh an tréimhse choinneála chomh gearr agus is féidir agus ní bheidh sí níos faide ná an tréimhse is gá le réasún chun na nósanna imeachta riaracháin a bheidh riachtanach a chomhlíonadh leis an dícheall cuí go dtí go ndéanfar an t-aistriú faoin Rialachán seo.

I gcás ina ndéanfar duine a choinneáil de bhun an Airteagail seo, ní bheidh an tréimhse chun iarraidh a dhéanamh an duine sin a ghabháil ar láimh nó as an duine sin a ghabháil ar ais níos faide ná mí amháin ón tráth a ndearnadh an iarraidh. Iarrfaidh an Ballstát a mbeidh an nós imeachta á chomhlíonadh aige i gcomhréir leis an Rialachán seo freagra práinneach i gcásanna den sórt sin. Tabharfar freagra den sórt sin tráth nach faide ná dhá sheachtaine ón iarraidh a fháil. Mura dtabharfar freagra ar an iarraidh laistigh den tréimhse dhá sheachtaine sin, is ionann sin glacadh leis an iarraidh agus leis an oibleagáid an duine a ghabháil ar láimh nó an duine a ghabháil ar ais, lena n-áirítear an oibleagáid socruithe cuí a dhéanamh maidir le teacht i dtír an duine sin.

I gcás ina ndéanfar duine a choinneáil de bhun an Airteagail seo, féadfar an duine sin a aistriú ón mBallstát iarrthach chuig an mBallstát atá freagrach a luaithe a fhéadfar sin a dhéanamh go praiticiúil, agus ar a dhéanaí laistigh istigh de shé seachtaine ón dáta a nglacfaidh Ballstát eile, go hintuigthe nó go sainráite, an iarraidh an duine lena mbaineann a ghabháil ar láimh nó an duine

sin a ghabháil ar ais nó ón tráth nach mbeidh éifeacht fionraíochta a thuilleadh ag an achomharc nó ag an athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 27(3).

I gcás ina theipeann ar Bhallstát iarrthach na spriocdhátaí a chomhlíonadh maidir le hiarraidh a dhéanamh duine a ghabháil ar láimh nó an duine sin a ghabháil ar ais nó i gcás nach ndéanfar an t-aistriú taobh istigh den tréimhse sé seachtaine dá dtagraítear sa tríú fomhír, ní dhéanfar an duine sin a choinneáil níos mó. Beidh feidhm fós ag Airteagal 21, 23, 24 agus 29 dá réir.

(4) I dtaca le coinníollacha coinneála daoine faoi choinneáil agus leis na ráthaíochtaí is infheidhme maidir leo, beidh feidhm ag Airteagal 9, Airteagal 10 agus Airteagal 11 de Threoir 2013/33/AE, d'fhonn na nósanna imeachta aistrithe a cur faoi chúram an Bhallstáit atá freagrach.'

Dlí na hÍsiltíre

10 Foráiltear le hAirteagal 59a(1) den Vreemdelingenwet 2000 (an Dlí maidir le heachtrannaigh, 2000) an 23 Samhain 2000 (Stb. 2000, Uimh. 495, 'an Dlí maidir le heachtrannaigh'), go bhféadfar náisiúnaigh eachtracha a bhfuil feidhm ag Rialachán Bhaile Átha Cliath III ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán sin, a chur faoi choinneáil, d'fhonn iad a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh san Ísiltír.

11 Foráiltear le hAirteagal 59(1)(a) den dlí sin, má cheanglaítear é ar mhaithe leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil náisiúnta, go bhféadfaidh an Státrúnaí náisiúnach eachtrach nach bhfuil cónaí dleathach air a chur faoi choinneáil d'fhonn é a aistriú ó chríoch na hÍsiltíre.

12 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 94(1) agus (6) den Dlí sin:

'(1) I gcás ina mbeidh cinneadh déanta ag an Státrúnaí lena bhforchuirtear beart lena mbaineann cailleadh saoirse dá dtagraítear in Airteagail 6, 6a, 58, 59, 59a agus 59b, tabharfaidh an Státrúnaí fógra don chúirt tráth nach déanaí ná an t-ochtú lá is fiche tar éis fógra faoin gcinneadh sin a thabhairt, ach amháin má tá caingean taiscthe cheana féin ag an náisiúnach eachtrach. A luaithe a bheidh fógra tugtha don chúirt, measfar caingean a bheith taiscthe ag an náisiúnach eachtrach i gcoinne an chinnidh lena bhforchuirtear beart lena mbaineann cailleadh saoirse. Iarrfar cúiteamh freisin leis an gcaingean sin.

[...]

(6) Má mheasann an chúirt go bhfuil cur i bhfeidhm nó forfheidhmiú an bhirt contrártha leis an Dlí seo nó má mheasann sí, tar éis na leasanna uile lena mbaineann a mheá, nach bhfuil údar leis an mbeart, seasfaidh an chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair leis an gcaingean. Sa chás sin, ordóidh an chúirt go gcuirfear deireadh leis an mbeart nó a rialacha cur chun feidhme a leasú.'

13 Foráiltear le hAirteagal 96(1) agus (3) den Dlí sin:

'(1) Má dhearbhaítear go bhfuil an chaingean dá dtagraítear in Airteagal 94 gan bhunús agus má thaisceann an náisiúnach eachtrach caingean i gcoinne an tsínidh ama ar an gcailleadh saoirse, cuirfidh an chúirt deireadh leis an réamh-imscrúdú laistigh de sheachtain amháin tar éis an t-iarratas a fháil. De mhaolú ar Airteagal 8:57 den Algemene wet bestuursrecht [(Acht Ginearálta maidir leis an Dlí Riaracháin)], féadfaidh an chúirt a chinneadh freisin, gan toiliú na bpáirtithe, nach reáchtálfar éisteacht an fhiosrúcháin.

[...]

(3) Má mheasann an chúirt go bhfuil cur i bhfeidhm nó forfheidhmiú an bhirt contrártha leis an Dlí seo nó má mheasann sí, tar éis na leasanna uile lena mbaineann a mheá, nach bhfuil údar réasúnach leis an mbeart, seasfaidh an chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair leis an gcaingean. Sa chás sin, ordóidh an chúirt go gcuirfear deireadh leis an mbeart nó a rialacha cur chun feidhme a leasú.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

14 Ar an 2 Bealtaine 2024, bhí C ina ábhar do bheart coinneála faoi Airteagal 59a(1) den Dlí maidir le heachtrannaigh ('an chéad chinneadh bheart coinneála'). Mheas an Státrúnaí, agus an beart sin á ghlacadh ag an Státrúnaí, ar an gcéad dul síos, gur dócha go dtiocfadh C faoi raon feidhme Rialachán Bhaile Átha Cliath III, ar an dara dul síos, go raibh baol suntasach ann don bheartas poiblí mar gheall ar riosca éalaithe agus, ar an tríú dul síos, gurbh í Ríocht na Spáinne an Ballstát a bhí freagrach as scrúdú a dhéanamh ar a iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Is léir ón ordú tarchuir gur forchuireadh coinneáil ar an duine lena mbaineann d'fhonn é a aistriú chuig an mBallstát sin.

15 Ar an 3 Bealtaine 2024, d'iarr an Státrúnaí ar údaráis na Spáinne C a ghabháil ar láimh, de bhun Airteagal 18(1)(a) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III. Dhiúltaigh na húdaráis sin don iarraidh sin an 14 Bealtaine 2024.

16 Ag 14.51 ar an 17 Bealtaine 2024, ghlac an Státrúnaí cinneadh um fhilleadh i ndáil le C, lenar ainmníodh Maracó mar an tír cinn scríbe. Ós rud é go raibh baol ann go bhféadfadh an duine lena mbaineann, nach raibh cónaí dlíthiúil air, éalú sular aistríodh é, d'fhorchuir an t-údarás sin, ag 14.52, beart coinneála ar bhonn Airteagal 59(1)(a) den Dlí maidir le heachtrannaigh ('an dara beart coinneála'). Tá an beart sin fós i bhfeidhm. Ag 14.55 ar an lá céanna, tharraing an t-údarás sin an chéad bheart choinneála siar.

17 Thug an duine lena mbaineann dhá chaingean i gcoinne an chéad agus an dara beart coinneála os comhair Rechtbank Den Haag, zittingsplaats Roermond (Cúirt Dúiche na Háige, ina suí in Roermond, an Ísiltír), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

18 Maíonn C os comhair na cúirte sin go raibh an chéad bheart choinneála neamhdhleathach an 14 Bealtaine 2024, an dáta nach bhféadfaí údar a thabhairt a thuilleadh leis an mbeart sin, i bhfianaise dhiúltú Ríocht na Spáinne é a ghabháil ar láimh, tríd an duine lena mbaineann a aistriú chuig an mBallstát sin. Ar bhonn chásdlí Afdeling bestuursrechtspraak van de Raad van State (Rannán Dlíthíochta Riaracháin den Chomhairle Stáit, an Ísiltír), bhí 48 n-uaire an chloig ag an Státrúnaí ón dáta sin chun an duine lena mbaineann a choinneáil ar bhonn eile seachas ar bhonn an chéad bhirt coinneála. Sáraíodh an teorainn ama sin sa chás seo ós rud é nár ghlac an t-údarás sin an dara beart coinneála go dtí an 17 Bealtaine 2024. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir C a choinneáil faoi choinneáil agus ba cheart é a bheith scaoilte saor sular glacadh an dara beart coinneála.

19 Maíonn an Státrúnaí os comhair na cúirte a rinne an tarchur nach ndéanann neamhdhleathacht an chéad bhirt coinneála difear do dhlíthiúlacht an dara beart coinneála, rud a thugann údar le coinneáil leanúnach an duine lena mbaineann ar bhonn neamhspleách. Cé go n-aithníonn an t-údarás sin an earráid a rinne difear don chéad bheart coinneála agus go molann sé go n-íocfar

EUR 100 go C mar chúiteamh ar an gcoinneáil neamhdhleathach a raibh sé faoina réir, áitíonn sé gur tarraingíodh siar an chéad chinneadh maidir le coinneáil cheana féin tráth a tugadh an t-ábhar os comhair na cúirte a rinne an tarchur agus nach féidir, dá bhrí sin, an beart sin a chur ar neamhní.

20 Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta, arna dhearbhú le cásdlí Afdeling bestuursrechtspraak van de Raad van State (Rannán Dlíthíochta Riaracháin den Chomhairle Stáit), nach féidir le neamhdhleathacht birt coinneála arna eisiúint i leith náisiúnaigh tríú tír difear a dhéanamh i bprionsabal do dhlíthiúlacht birt coinneála arna ghlacadh ina dhiaidh sin i leith an duine sin, agus mar thoradh air sin nach féidir leis an gcúirt inniúil an náisiúnach lena mbaineann a scaoileadh saor ar an bhforas go bhfuil sé neamhdhleathach. Go deimhin, tá an cleachtas agus an cásdlí sin i gcomhréir le hAirteagail 59, 59a, 94 agus 96 den Dlí maidir le heachtrannaigh, nach gceanglaítear go sainráite leo ar an údarás breithiúnach inniúil an duine lena mbaineann a scaoileadh saor láithreach má mheasann sé go bhfuil a choinneáil neamhdhleathach.

21 Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, áfach, faoi Airteagal 15(2) de Threoir 2008/115 agus Airteagal 9(3) de Threoir 2013/33, nach mór an duine lena mbaineann a scaoileadh saor ‘láithreach’ má chinntear go bhfuil a choinneáil neamhdhleathach.

22 Ag féachaint don oibleagáid maidir le scaoileadh saor láithreach dá bhforáiltear leis na forálacha sin, ardaíonn an chúirt a rinne an tarchur an cheist ar cheart di dul ar aghaidh chun an duine lena mbaineann a scaoileadh saor cé nach bhfuil an beart coinneála faoina bhfuil a shaoirse bainte den duine sin faoi láthair curtha ó bhail ag neamhdhleathacht ar an bhforas amháin nach gcomhlíonann beart coinneála roimhe sin, a raibh a shaoirse bainte den duine sin mar thoradh air, na coinníollacha dlíthiúlachta a thuilleadh.

23 I ndáil leis sin, tugann sí faoi deara, ar an gcéad dul síos, go gciallaíonn an cheist sin nach mór di a chinneadh an bhfuil ábhar an athbhreithnithe arna dhéanamh ag an údarás breithiúnach inniúil ina choinníoll le bheith faoi ‘choinneáil’, nó ar cheart don údarás sin a athbhreithniú a theorannú do chineál neamhdhleathach féideartha an bhirt coinneála atá i bhfeidhm. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, sa chás deireanach sin, bheadh an fhéidearthacht dul ar aghaidh chun an duine lena mbaineann a scaoileadh saor ag brath ar deireadh thiar ar an am a ardaíonn sé an t-éileamh go raibh an beart sin neamhdhleathach, agus ní bheadh sé ina thoisc ábhartha san anailís a rinne an t-údarás breithiúnach inniúil go raibh an choinneáil curtha ó bhail mar gheall ar neamhdhleathacht san am a chuaigh thart. I gcás den sórt sin, ní bheadh an chúirt sin in ann an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt a ráthú.

24 Ar an dara dul síos, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara nach dtugann dlí an Aontais an deis leanúint den choinneáil ar chúiseanna riaracháin ná glacadh birt nua coinneála a ullmhú, ach go gceanglaítear leis náisiúnach tríú tír a bhfuil a choinneáil neamhdhleathach a scaoileadh saor láithreach, beag beann ar cathain a dhéantar athbhreithniú ar dhlíthiúlacht na coinneála sin.

25 Ar an tríú dul síos, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, i gcomhréir le cásdlí Afdeling bestuursrechtspraak van de Raad van State (Rannán Dlíthíochta Riaracháin den Chomhairle Stáit), gur féidir, i gcás sárú tromchúiseach ar an gceart chun scaoileadh saor, imeacht ón riail nach ndéanann neamhdhleathacht birt coinneála tosaigh difear do dhlíthiúlacht an dara beart coinneála.

26 Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, áitíonn cineál bunúsach an chirt chun saoirse a leagtar síos in Airteagal 6 den Chairt agus an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil i bhfabhar na tuairime go bhfuil sárú tromchúiseach ar na cearta sin i gceist le haon choinneáil a ordaítear ar bhonn beart coinneála neamhdhleathach. Dá réir sin, ba cheart an duine lena mbaineann a scaoileadh saor láithreach i gcás ina bhfuil an choinneáil curtha ó bhail mar gheall ar neamhdhleathacht san am a chuaigh thart, fiú má rinne an t-údarás inniúil an neamhdhleathacht sin a leigheas ar deireadh.

27 Sa chomhthéacs sin, ní áirithítear le híocaíocht cúitimh cosaint leordhóthanach do na cearta a chumhdaítear in Airteagail 6 agus 47 den Chairt. Ba cheart fad agus tromchúis neamhdhleathacht na coinneála a chur san áireamh chun méid an chúitimh atá le deonú don duine lena mbaineann a chinneadh.

28 Sa chás seo, ós rud é gur coinníodh an choinneáil ar feadh níos mó ná 48 n-uair an chloig, in ainneoin chineál neamhdhleathach an chéad bhirt coinneála, agus ós rud é nár forchuireadh an dara beart coinneála go dtí tar éis an chéad bheart a tharraingt siar, ní thugtar cosaint leordhóthanach dá cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil ach amháin le scaoileadh saor láithreach an duine lena mbaineann.

29 Sna himthosca sin, chinn an Rechtbank Den Haag, zittingsplaats Roermond (Cúirt Dúiche na Háige, an Háig, ina suí di in Roermond) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘An bhfuil Airteagal 15(2) [an tríú fomhír] (b) de Threoir 2008/115, Airteagal 9(3) de Threoir 2013/33, agus Airteagal 28(4) de [Rialachán Bhaile Átha Cliath III], i gcomhar le hAirteagail 6 agus 47 den [Chairt] le léiriú sa chaoi go bhfuil sé d’oibleagáid ar an údarás breithiúnach i gcónaí an duine atá á choinneáil a scaoileadh saor láithreach má bhí nó má tá an choinneáil neamhdhleathach tráth ar bith le linn chur i bhfeidhm gan bhriseadh sraith beart coinneála leantacha?’

An iarraidh ar an nós imeachta práinne um réamhrialú a chur i bhfeidhm

30 D’iarr an chúirt a rinne an tarchur go ndéileálfar leis an tarchur chun réamhrialú seo faoin nós imeachta práinne dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d’Airteagal 23a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 107 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

31 Mar thaca lena hiarraidh, d’agair an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, go mbaineann an cheist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú le forálacha a thagann faoi cheann de na réimsí a chumhdaítear le Teideal V de Chuid a Trí de CFAE. Thug sé faoi deara freisin go bhfuil C faoi choinneáil gan bhriseadh ón 2 Bealtaine 2024 i leith. Ar deireadh, tá freagra na Cúirte Breithiúnais ar an gceist a tharchuirtear chun réamhrialú cinntitheach chun rialú a thabhairt i dtaobh an bhfuil ceanglas ar an gcúirt a rinne an tarchur, faoi dhlí an Aontais, an duine lena mbaineann a scaoileadh saor láithreach.

32 Sa chéad áit, ba cheart a lua go mbaineann an tarchur chun réamhrialú seo le léiriú ar na forálacha a leagtar amach i dTreoir 2008/115, i dTreoir 2013/33 agus i Rialachán Bhaile Átha Cliath III. Sa mhéid go dtagann an dá threoir sin agus an Rialachán sin faoi raon feidhme Theideal V de Chuid a Trí de CFAE, a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, is féidir déileáil leis an

tarchur chun réamhrialú seo faoin nós imeachta práinne um réamhrialú, i gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 23a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 107(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

33 Sa dara áit, maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le práinn, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcomhlíontar an coinníoll sin, go háirithe i gcás ina mbaintear a shaoirse den duine lena mbaineann sna príomhimeachtaí faoi láthair agus ina gcastar toradh na díospóide sna príomhimeachtaí ar a choinneáil leanúnach, agus é á shonrú nach mór measúnú a dhéanamh ar staid an duine lena mbaineann mar a bhí sé tráth ar tugadh aird ar cheart déileáil leis an tarchur chun réamhrialú faoin nós imeachta práinne (breithiúnas an 29 Iúil 2024, *Breian*, C318/24 PPU, EU:C:2024:658, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Sa chás seo, is léir ó thuairisc na cúirte a rinne an tarchur ar na fíorais gur baineadh a shaoirse de C ón 2 Bealtaine 2024 i leith agus go raibh sé sa choinníoll sin tráth a rinneadh breithniú ar cheart déileáil leis an tarchur chun réamhrialú faoin nós imeachta práinne um réamhrialú. Ina theannta sin, tá sé ráite ag an gcúirt a rinne an tarchur, ag brath ar fhreagra na Cúirte Breithiúnais ar an gceist a tharchuirtear, go bhféadfadh scaoileadh saor an duine sin a bheith mar thoradh air.

35 Sna himthosca sin, chinn an Chéad Dlísheomra de chuid na Cúirte Breithiúnais, an 14 Meitheamh 2024, ar mholadh an Bhreithimh is Rapóirtéir, tar éis éisteacht leis an Abhcóide Ginearálta, géilleadh don iarratas ón gcúirt a rinne an tarchur chun an tarchur chun réamhrialú seo a chur faoi réir an nós imeacht práinne um réamhrialú.

Breithniú ar an gceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

36 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, de réir cásdlí socair, faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt ar an gcúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i bhfocail eile. Chuige sin, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, ag féachaint ar an ábhar go léir a sholáthair an chúirt náisiúnta, agus go háirithe an t-ábhar sa ráiteas ar na cúiseanna leis an ordú tarchuir, na heilimintí de dhlí an Aontais is gá a léiriú i bhfianaise ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí a tharraingt amach. (breithiúnas an 30 Aibreán 2024, *M.N. (EncroChat)*, C-670/22, EU:C:2024:372, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 I ndáil leis sin, mar is léir ó mhír 53 de Thuairim an Abhcóide Ghinearálta, ba cheart a thabhairt faoi deara nach luann an chúirt a rinne an tarchur, sa cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, ach Airteagal 15(2) de Threoir 2008/115, áfach, sa mhéid is go gceanglaítear leis go scaoilfear saor láithreach an duine lena mbaineann i gcás nach ann a thuilleadh do na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 15(1) agus nach bhfuil údar leis an gcoinneáil a thuilleadh, tá sé ábhartha freisin sa chás seo.

38 Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nár cuireadh ceist ar an gCúirt Bhreithiúnais sa chás seo maidir le comhoiriúnacht na tréimhse 48 n-uair an chloig dá bhforáiltear faoi dhlí na hÍsiltíre, dá dtagraítear i mír 18 den bhreithiúnas seo, le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, ní gá measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an chleachtais náisiúnta lena gceadaítear do na húdaráis inniúla iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a choimeád faoi choinneáil ar feadh uastréimhse 48 n-uair an chloig tar éis theacht chun cinn na himthoisce lena

suitear neamhdhleathacht birt coinneála arna ghlacadh ar bhonn an Rialacháin sin leis an oibleagáid maidir leis an duine lena mbaineann a scaoileadh saor ‘láithreach’ dá bhforáiltear in Airteagal 9(3) de Threoir 2013/33, dá dtagraítear in Airteagal 28(4) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

39 Baineann measúnú den sórt sin, go bunúsach, leis na forais a d’fhéadfadh bunús a thabhairt le beart coinneála arna ghlacadh ar bhonn Rialachán Bhaile Átha Cliath III a bheith neamhdhleathach, cé, sa chás seo, go n-imíonn an chúirt a rinne an tarchur ón mbonn go bhfuil an chéad bheart coinneála neamhdhleathach agus gur mian léi a chinneadh an ndéanann neamhdhleathacht den sórt sin difear do dhlíthiúlacht an dara beart coinneála, arna ghlacadh ar bhonn Threoir 2008/115. Ina theannta sin, tá comhthuiscint ann, de réir na cúirte a rinne an tarchur, nach n-eascraíonn neamhdhleathacht an chéad chinnidh maidir le coinneáil as neamhréireacht fhéideartha na tréimhse 48 n-uair an chloig sin leis an oibleagáid maidir le scaoileadh saor láithreach, ach as an bhfíric gur forchuireadh an dara beart coinneála 24 uair an chloig tar éis don tréimhse sin dul in éag.

40 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, trína cheist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 15(2) agus (4) de Threoir 2008/115, Airteagal 9(3) de Threoir 2013/33 agus Airteagal 28(4) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, arna léamh i bhfianaise Airteagail 6 agus 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta nach gceanglaítear léi ar an údarás breithiúnach inniúil a ordú go scaoilfear saor náisiúnach tríú tír, atá faoi choinneáil de bhun beart arna ghlacadh ar bhonn Threoir 2008/115, ar an bhforas nár scaoileadh saor an duine sin, ar ordaíodh a choinneáil ar dtús de bhun beart arna ghlacadh ar bhonn Rialachán Bhaile Átha Cliath III, díreach tar éis cinneadh go raibh an beart deireanach sin tagtha chun bheith neamhdhleathach.

41 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, gur cur isteach tromchúiseach ar an gceart chun saoirse a chumhdaítear in Airteagal 6 den Chairt é náisiúnach tríú tír a choinneáil ar chaoi ar bith, faoi Threoir 2008/115 i gcomhthéacs nós imeachta um fhilleadh mar thoradh ar fhanacht neamhdhleathach, faoi Threoir 2013/33 i gcomhthéacs iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil nó faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath i gcomhthéacs iarratasóir ar chosaint den sórt sin a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar a iarratas (féach, chuige sin, breithiúnais an 8 Samhain 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Athbhreithniú ex officio maidir le coinneáil)*, C-704/20 agus C-39/21, EU:C:2022:858, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Mar a fhoráiltear le hAirteagal 2(h) de Threoir 2013/33, is éard atá i mbeart coinneála duine a ghaibhniú in áit ar leith. Is léir ó fhoclaíocht, ó stair agus ó chomhthéacs na forála sin, ar féidir a raon feidhme a thrasuí, thairis sin, don choincheap ‘coinneáil’ i dTreoir 2008/115 agus i Rialachán Bhaile Átha Cliath III, go gceanglaítear ar an duine lena mbaineann fanacht go buan laistigh d’imlíne shrianta agus dhúnta, rud a dhéanann an duine sin a gaibhniú ón gcuid eile den daonra agus saoirse gluaiseachta an duine sin a bhaint de (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Samhain 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Athbhreithniú ex officio maidir le coinneáil)*, C-704/20 agus C-39/21, EU:C:2022:858, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Ag féachaint dá thromchúisí atá an cur isteach sin ar an gceart chun saoirse a chumhdaítear in Airteagal 6 den Chairt agus i bhfianaise a thábhachtaí atá an ceart sin, déantar an chumhacht a thugtar do na húdaráis náisiúnta inniúla chun náisiúnaigh tríú tír a choinneáil a theorannú go docht. Dá réir sin, ní fhéadfar beart coinneála a ordú ná a shíneadh ach amháin i gcomhréir leis na rialacha ginearálta agus teibí lena leagtar síos na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe

ina leith (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Samhain 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Athbhreithniú ex officio maidir le coinneáil)*, C-704/20 agus C-39/21, EU:C:2022:858, mír 75 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Thairis sin, i gcás ina ndealraíonn sé nár chomhlíonadh nó nach gcomhlíontar a thuilleadh na coinníollacha maidir le dlíthiúlacht na coinneála a leagtar síos i dTreoir 2008/115, i dTreoir 2013/33 agus i Rialachán Bhaile Átha Cliath III, agus i bhforálacha an dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme iad, ní mór an duine lena mbaineann a scaoileadh saor láithreach, mar a luaigh reachtóir an Aontais go sainráite sa cheathrú fomhír d'Airteagal 15(2) agus in Airteagal 15(4) de Threoir 2008/115 agus sa dara fomhír d'Airteagal 9(3) de Threoir 2013/33 (breithiúnas an 8 Samhain 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Athbhreithniú ex officio maidir le coinneáil)* C-704/20 agus C-39/21, EU:C:2022:858, mír 79).

45 Leagtar síos na rialacha ginearálta agus teibí, dá dtagraítear i mír 43 den bhreithiúnas seo, lena leagtar síos, mar chaighdeáin choiteanna de chuid an Aontais, na coinníollacha coinneála, ar thaobh amháin, maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a choinneáil, in Airteagal 15(1), sa dara fomhír d'Airteagal 15(2) agus in Airteagal 15(4) go (6) de Threoir 2008/115. Ar an taobh eile, maidir le staid náisiúnaigh tríú tír a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, leagtar síos na rialacha ábhartha in Airteagal 8(2) agus (3) agus in Airteagal 9(1), (2) agus (4) de Threoir 2013/33, agus, i gcás ina mbaineann an tsaincheist le coinneáil a ordaítear i gcomhthéacs iarratasóir ar chosaint den sórt sin a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar a iarratas nó a hiarratas faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III, in Airteagal 28(2) go (4) den Rialachán sin (féach, chuig sin, breithiúnas an 8 Samhain 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Athbhreithniú ex officio maidir le coinneáil)* C-704/20 agus C-39/21, EU:C:2022:858, mír 76). Ba cheart a mheabhrú freisin go bhforáiltear go sainráite in Airteagal 28(4) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III go mbeidh feidhm ag Airteagal 9 de Threoir 2013/33 i gcomhthéacs na nósanna imeachta aistrithe arna rialú ag an Rialachán deiridh sin.

46 Maidir leis an gceist an ndéanann neamhdhleathacht birt chun iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta arna ghlacadh ar bhonn Rialachán Bhaile Átha Cliath III a choinneáil, d'fhonn an t-iarratasóir sin a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar a iarratas, difear do dhlíthiúlacht birt coinneála ina dhiaidh sin arna ghlacadh ar bhonn Threoir 2008/115 agus a bhaineann leis an duine sin, a cuireadh faoi choinneáil gan bhriseadh agus nach bhfuil stádas iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta aige a thuilleadh, ach a d'fhéadfaí a mheas feasta mar náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go dtagann an choinneáil chun críche aistrithe, arna rialú ag Treoir 2008/115, agus coinneáil iarrthóra tearmainn, go háirithe faoi Threoir 2013/33 agus faoi na forálacha náisiúnta is infheidhme, faoi rialacha dlíthiúla éagsúla (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Samhain 2009, *Kadzoev*, C-357/09 PPU, EU:C:2009:741, mír 45).

47 Dá réir sin, ní mór do bheart coinneála i ndáil le náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, arna ghlacadh d'fhonn é a fhilleadh, na rialacha a eascraíonn as Treoir 2008/115 a chomhlíonadh. Maidir le beart coinneála arna ghlacadh i ndáil le hiarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta, ní mór dó, óna thaobh féin de, na rialacha a eascraíonn as Treoir 2013/33 agus as Rialachán Bhaile Átha Cliath III a chomhlíonadh.

48 Thairis sin, ní dhéantar tagairt ná tagairt in Airteagal 15(2) agus (4) de Threoir 2008/115 do na coinníollacha maidir le dlíthiúlacht na coinneála dá bhforáiltear in Airteagail 8 agus 9 de Threoir 2013/33 agus in Airteagal 28 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, lena rialaítear coinneáil iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta.

49 Ar an dara dul síos, is léir ó Airteagal 2(1) de Threoir 2008/115, arna léamh i gcomhar le haithris 9 di, go bhfuil feidhm ag an Treoir sin maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch Ballstáit agus nár cheart a mheas go bhfuil iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch an Bhallstáit ina ndearna sé iarratas ar an gcosaint sin go dtí go mbeidh cinneadh diúltach maidir leis an iarratas, nó cinneadh lena gcuirtear deireadh lena cheart fanachta mar iarrthóir tearmainn tagtha i bhfeidhm. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais freisin nach bhfuil feidhm ag Treoir 2008/115 maidir le náisiúnach tríú tír a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta de réir bhrí Threoir 2013/32 le linn na tréimhse ó rinneadh an t-iarratas go dtí glacadh an chinnidh ag an gcéad chéim maidir leis an iarratas sin nó, de réir mar a bheidh, go dtí go mbeidh toradh aon chaingne arna tabhairt i gcoinne an chinnidh sin ar eolas (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Bealtaine 2013, *Arslan*, C-534/11, EU:C:2013:343, mír 49).

50 Dá bhrí sin, ní fhéadfar iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta, a mhéid atá an stádas sin aige, a choinneáil go comhuaineach faoi Threoir 2013/33 nó faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III agus faoi Threoir 2008/115 mar náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach.

51 Ar an tríú dul síos, mar is léir ó mhíreanna 58, 59 agus 61 de Thuairim an Abhcóide Ghinearálta, féadfar beart coinneála a ghlacadh faoi Threoir 2008/115 tar éis coinneála arna forchur faoi Threoir 2013/33 nó faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III. Go deimhin, cé nach bhfuil feidhm ag Treoir 2008/115 le linn an nós imeachta ina scrúdaítear iarratas ar thearmann, ní chiallaíonn sé sin go ndéantar an nós imeachta um fhilleadh a fhoirceannadh go cinntitheach dá bhrí sin, mar d'fhéadfadh sé leanúint ar aghaidh má dhiúltaítear an t-iarratas ar thearmann. Go bunúsach, déanfaidh dochar d'éifeachtacht de chuspóir na Treorach sin, eadhon náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh go héifeachtach, dá mbeadh sé dodhéanta do na Ballstáit cosc a chur ar an duine lena mbaineann a áirithiú go scaoilfear saor é go huathoibríoch trí iarratas ar thearmann a dhéanamh (breithiúnas an 30 Bealtaine 2013, *Arslan*, C-534/11, EU:C:2013:343, mír 60).

52 Ina theannta sin, maidir leis an bhféidearthacht coinneáil náisiúnaigh tríú tír a choinneáil, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go gcuirfí an cuspóir sin de Threoir 2008/115 i mbaol dá mbeadh sé dodhéanta do na Ballstáit cosc a chur, trí chailleadh saoirse, ar dhuine a bhfuil amhras ann go bhfuil sé nó sí ag fanacht go neamhdhleathach ó theitheadh roimh a chás nó a cás a shoiléiriú fiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Nollaig 2011, *Achughbabian*, C-329/11, EU:C:2011:807, mír 30).

53 Sna himthosca sin, ní mór a mheas nach ndéanann easpa dlíthiúlachta birt chun iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a choinneáil, arna ghlacadh ar bhonn Rialachán Bhaile Átha Cliath III d'fhonn an t-iarratasóir sin a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar a iarratas, difear i bprionsabal do dhlíthiúlacht birt coinneála ina dhiaidh sin, arna ghlacadh ar bhonn Threoir 2008/115 agus a bhaineann leis an duine sin, a cuireadh faoi choinneáil gan bhriseadh agus nach bhfuil stádas iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta aige a thuilleadh, ach a d'fhéadfaí a mheas as sin amach mar náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, ní cheanglaítear láithreach ar an údarás breithiúnach inniúil an duine sin a scaoileadh saor mar gheall ar chineál neamhdhleathach birt coinneála roimhe sin arna ghlacadh ar bhonn Rialachán Bhaile Átha Cliath III agus mar gheall air sin amháin.

54 In aon chás, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar is léir ó chásdlí na Cúirte, má tá coinneáil birt lena mbaineann cailleadh saoirse le bheith i gcomhréir leis an gcuspóir an duine aonair a chosaint ar threallachas, ciallaíonn sé sin, go háirithe, nach féidir aon ghné de mheon

mímhacánta nó de mheabhlaireacht a bheith ann ó thaobh na n-údarás de, go bhfuil sé i gcomhréir le cuspóir na srianta a cheadaítear leis an bhfomhír ábhartha d'Airteagal 5(1) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950, agus go bhfuil an cailleadh saoirse lena mbaineann comhréireach i ndáil leis an bhforas ar a bhfuiltear ag brath (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Feabhra 2016, *N.*, C-601/15 PPU, EU:C:2016:84, mír 81).

55 Ní chaitheann an chúirt a rinne an tarchur amhras ar an gconclúid a leagtar amach i mír 53 den bhreithiúnas seo toisc nach dtugtar sásamh leordhóthanach le cúiteamh a dhámhachtain do dhuine a coinníodh go neamhdhleathach as sárú a dhéanamh ar an gceart chun saoirse a fulaingíodh agus nach ndéantar an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt a choimirciú leis.

56 Go deimhin, is cásdlí socair é, faoi Airteagal 47 den Chairt, nach mór do na Ballstáit cosaint bhreithiúnach éifeachtach do chearta an duine aonair a eascraíonn ó dhlíchóras an Aontais a áirithiú (breithiúnas an 8 Samhain 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Athbhreithniú ex officio maidir le coinneáil)* C-704/20 agus C-39/21, EU:C:2022:858, mír 81 agus an cásdlí dá dtagraítear).

57 I ndáil leis sin,, ní hé nach ndearna reachtóir an Aontais ach caighdeáin shubstainteacha choiteanna a leagan síos, ach thug sé isteach rialacha coiteanna nós imeachta freisin, arb é is cuspóir dóibh a áirithiú gurb ann, i ngach Ballstát, do chóras lena gceadaítear don údarás breithiúnach inniúil, i gcás inarb iomchuí tar éis scrúdú *ex officio*, an duine lena mbaineann a scaoileadh saor a luaithe is dealraitheach nach bhfuil a choinneáil dleathach, nó nach bhfuil a choinneáil dleathach a thuilleadh. Chun go n-áiritheofar go héifeachtach go gcomhlíonfaidh córas cosanta den sórt sin na coinníollacha dochta nach mór do dhlíthiúlacht birt coinneála dá dtagraítear i dTreoir 2008/115, i dTreoir 2013/33 nó i Rialachán Bhaile Átha Cliath III a chomhlíonadh, ní mór don údarás breithiúnach inniúil a bheith in ann rialú ar gach gné fíorais agus dlí atá ábhartha chun an dhlíthiúlacht sin a dheimhniú. Chuige sin, ní mór dó a bheith in ann na fíorais agus an fhianaise a d'ardaigh an t-údarás riaracháin a d'ordaigh an choinneáil tosaigh a chur san áireamh (breithiúnas an 8 Samhain 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Athbhreithniú ex officio maidir le coinneáil)* C-704/20 agus C-39/21, EU:C:2022:858, mír 86 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Ar thaobh amháin, áfach, maidir leis an gceart chun saoirse, mar a thugann an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 73 dá Thuairim, ní thugtar le tuiscint le cinneadh go bhfuil beart coinneála neamhdhleathach i ngach cás go scaoilfear saor an duine lena mbaineann láithreach (féach, de réir analaí, breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2013, *G. agus R.*, C383/13 PPU, EU:C:2013:533, míreanna 39 agus 40), lena gceadaítear don duine sin a chearta nó a cearta a athbhunú, i gcás nach féidir an duine sin a athbhunú go praiticiúil a thuilleadh ós rud é go bhfuil bunús cuí tugtha le coinneáil bhreise an duine sin ar bhunús dlí neamhspleách eile. Sin é an fáth nach mór, de ghnáth, cúiteamh a bheartú do dhaoine a coinníodh gan bhunús chun an damáiste a fulaingíodh mar thoradh ar chailleadh saoirse neamhdhleathach a leigheas.

59 Ar an taobh eile, maidir leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a dhearbhaigh Rialtas na hÍsiltíre ag an éisteacht, go bhféadfaidh an chúirt a rinne an tarchur a ordú don Státrúnaí méid cúitimh níos mó a íoc ná an méid a thairg an t-údarás sin go sonrach sa chás seo. Dá réir sin, ní cosúil gur leor an fíoras ndearna an Státrúnaí tairiscint de EUR 100 i ndamáistí i leith na díobhála a bhain do

C, toisc gur sháraigh an tréimhse scaoilte a fhorordaítear leis an dlí náisiúnta 24 uair an chloig, chun a shuíomh, ann féin, go ndearnadh sárú ar an gceart sin sna himthosca is saintréithe den chás seo.

60 Ar deireadh, ba cheart a mheabhrú nach féidir, i bprionsabal, le neamhdhleathacht an chéad bhirt coinneála difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht an dara beart coinneála, arna ghlacadh ar bhonn Threoir 2008/115, mar gheall ar na cúiseanna leis an gcinneadh a leagtar amach i mír 53 den bhreithiúnas seo, agus in imthosca amhail na himthosca atá in shainghné don chás sna príomhimeachtaí.

61 I bhfianaise an méid ar fad thuas, is é freagra na ceiste a tharchuirtear nach mór Airteagal 15(2) agus (4) de Threoir 2008/115, Airteagal 9(3) de Threoir 2013/33 agus Airteagal 28(4) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, arna léamh i bhfianaise Airteagail 6 agus 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta nach gceanglaítear léi ar an údarás breithiúnach inniúil a ordú go scaoilfear saor náisiúnach tríú tír, atá faoi choinneáil de bhun beart arna ghlacadh ar bhonn Threoir 2008/115, ar an bhforas nár scaoileadh saor an duine sin, ar ordaíodh a choinneáil ar dtús de bhun beart arna ghlacadh ar bhonn RialachánBhaile Átha Cliath III, díreach tar éis cinneadh go raibh an beart deireanach sin tagtha chun bheith neamhdhleathach.

Costais

62 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 15(2) agus (4) de Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, leis an dara fomhír d'Airteagal 9(3) de Threoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus Airteagal 28(4) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát arna léamh i gcomhar le hAirteagail 6 agus 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta nach gceanglaítear léi ar an údarás breithiúnach inniúil a ordú go scaoilfear saor náisiúnach tríú tír, atá faoi choinneáil de bhun beart arna ghlacadh ar bhonn Threoir 2008/115, ar an bhforas nár scaoileadh saor an duine sin, ar ordaíodh a choinneáil ar dtús de bhun beart arna ghlacadh ar bhonn Rialachán Uimh. 604/2103, díreach tar éis cinneadh go raibh an beart deireanach sin tagtha chun bheith neamhdhleathach.

Sínithe